Prótacal Thuaisceart Éireann

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin éiginnteacht maidir le prótacal Thuaisceart Éireann. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat, leagan Gaeilge na bhfocal agus na bhfrásaí seo a aimsiú?



1. to bear in mind _____
2. the peace process _____
3. negotiation _____
4. imprudent _____
5. an excellent university _____
6. suspend _____
7. duty _____
8. to put suggestions before Britain _____
9. factored out _____
10. trade dispute _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat iad a aimsiú.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair an cheist thíos.

Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas faoi Airteagal 16?

An Taoiseach
Státrúnaí na Breataine
Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh
An tAire Gnóthaí Eachtracha

Ceist 3 Cén Ghaeilge a chuirfeá ar an abairt a dúirt David Frost:

Article 16 is very much on the table and has been since July.

Ceist 4 **An t-ainmfhocal *ollscoil*.**

Seo an t-eolas atá ar fáil ar www.téarma.ie faoin bhfocal *ollscoil*:

ollscoil *bain2*

gu ollscoile, *iol* ollscoileanna

Aistrigh na frásaí seo a leanas go Gaeilge:

- It's a great university.
- The university closed last year.
- The students of that university are very smart.
- The universities are in the centre of the city.
- There are a lot of universities in Ireland.
- Eight universities

An t-ainmfhocal *próiseas*.

Seo an t-eolas atá ar fáil ar www.téarma.ie faoin bhfocal *próiseas*:

próiseas *fir1*

gu próisis, *ai* próisis, *gi* próiseas

Aistrigh na frásaí seo a leanas go Gaeilge:

- It's an important process.
- The process is in danger.
- The importance of the process
- There are other processes.
- The number of processes
- Three processes

Ceist 5 '..***tá*** *an Taoiseach*…' agus '…*nuair* ***a thagann***…'

1. Seo thíos na briathra mírialta san aimsir láithreach. Líon na bearnaí sa bhosca.

Abair	An ndeir tú?	Deir	Ní deir
Beir	An mbeireann sí?	Beireann	
Bí		Tá	
Clois			Ní chloiseann
Déan		Déanann	
Faigh	An bhfaigheann sibh?		
Feic			Ní fheiceann
Ith	An itheann tú?	Itheann	
Tabhair			Ní thugann
Tar	An dtagann sé?		
Téigh		Téann	

2. Bain úsáid as na briathra ar fad chun ceisteanna a chur ar an duine in aice leat faoin saol a bhíonn acu ag an deireadh seachtaine. Bí cúramach! Beidh siad féin ag cur ceisteanna ortsa freisin.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo?
2. An gceapann tú gur Príomh-Aire maith é Boris Johnson? Cén fáth?
3. Agus cad a cheapann tú faoi Mhicheál Martin mar Thaoiseach?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1. to bear in mind	*cuimhneamh ar*
2. the peace process	*an próiseas síochána*
3. negotiation	*idirbheartaíocht*
4. imprudent	*místuama*
5. an excellent university	*ollscoil den scoth*
6. suspend	*cuir ar fionraí*
7. duty	*dualgas*
8. to put suggestions before Britain	*moltaí a chur faoi bhráid na Breataine*
9. factored out	*curtha as an áireamh*
10. trade dispute	*aighneas tráchtála*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Mar shampla:
Is cinnte go bhfuil Airteagal 16 faoi chaibidil faoi láthair agus tá ó bhí mí Iúil ann.

Ceist 4
An t-ainmfhocal *ollscoil*.

It's a great university.
Is ollscoil den scoth í.
The university closed last year.
Dúnadh an ollscoil anuraidh.
The students of that university are very smart.
Tá mic léinn na hollscoile sin an-chliste.
The universities are in the centre of the city.
Tá na hollscoileanna i lár na cathrach.
There are a lot of universities in Ireland.
Tá a lán ollscoileanna in Éirinn.
Eight universities
Ocht n-ollscoil

An t-ainmfhocal *próiseas*.

It's an important process.
Is próiseas an-tábhachtach é.
The process is in danger.
Tá an próiseas i mbaol.
The process's importance
Tábhacht an phróisis
There are other processes.
Tá próisis eile ann.
The number of processes
Líon na bpróiseas
Three processes
Trí phróiseas

Ceist 5
1.

Abair	An ndeir tú?	Deir	Ní deir
Beir	An mbeireann sí?	Beireann	Ní bheireann
Bí	An bhfuil sibh?	Tá	Níl
Clois	An gcloisimid?	Cloiseann	Ní chloiseann
Déan	An ndéanann sé?	Déanann	Ní dhéanann
Faigh	An bhfaigheann sibh?	Faigheann	Ní fhaigheann
Feic	An bhfeiceann sí?	Feiceann	Ní fheiceann
Ith	An itheann tú?	Itheann	Ní itheann
Tabhair	An dtugaimid?	Tugann	Ní thugann
Tar	An dtagann sé?	Tagann	Ní thagann
Téigh	An dtéann sí?	Téann	Ní théann

2. Tabhair deis do gach beirt na briathra a úsáid chun ceisteanna a chur ar a chéile.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na tuairimí a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt
Tá an Taoiseach, Micheál Martin, ag iarraidh ar an mBreatain agus ar an Aontas Eorpach cuimhneamh ar an tionchar a bheidh ag aon athrú a dhéanfaí ar phrótacal Thuaisceart Éireann ar an bpróiseas síochána. Dúirt sé go gcaithfear leanúint leis an idirbheartaíocht ar mhaithe le réiteach a fháil agus go mbeadh sé místuama don mBreatain Airteagal 16 a chur i bhfeidhm.

Sorcha Ní Riada
Bhí an Taoiseach, Micheál Martin, i dTrá Lí le hoscailt Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a mharcáil go hoifigiúil.

An Taoiseach Micheál Martin
Is coláiste den scoth é seo, agus ollscoil den scoth agus gan amhras tá Trá Lí, Corcaigh agus sé champas i gceist, 18,000 mac léinn agus cáilíochtaí i ngach aon leibhéal.

Sorcha Ní Riada
Ach is í an cheist mhór a bhí i mbéal gach aon duine ná ‘cad a thitfidh amach maidir le prótacal Thuaisceart Éireann?’ Tá daoine buartha go bhfuil sé i gceist ag an mBreatain Airteagal 16 a chur i bhfeidhm – rud a chuirfeadh an prótacal ar fionraí ar fad.

An Taoiseach Micheál Martin
An rud is tábhachtaí ná na cainteanna a choimeád ar aghaidh, a choimeád ar siúl agus réiteach na bhfadhbanna a fháil. I mo thuairimse, tá an-chuid déanta ag an gCoimisiún. Na moltaí atá tagtha ón gCoimisiún – is moltaí, ní hamháin tábhachtach iad sin ach tagann siad cuid den bhóthar. Agus tá, i mo thuairimse, tá dualgas anois ar Rialtas na Breataine freagra ceart a thabhairt ar na moltaí atá curtha ar an tábla ag an gCoimisiún.

Sorcha Ní Riada
Ach chuir Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, Maroš Šefčovič, na moltaí úd faoi bhráid na Breataine an mhí seo caite. Agus ar an tslí isteach go dtí cainteanna sa mBruiséil an Aoine seo caite, dúirt an Státrúnaí sa mBreatain, David Frost, nach bhfuil sé curtha as an áireamh go gcuirfí Airteagal 16 i bhfeidhm.

David Frost, Stát-Rúnaí na Breataine
Article 16 is very much on the table and has been since July.

Sorcha Ní Riada
Dúirt an tAire Gnóthaí Eachtracha, Simon Coveney, inné go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil sé i gceist ag an mBreatain Airteagal 16 a chur i bhfeidhm agus má tharlaíonn sé sin go mbeidh aighneas tráchtála ann. Dúirt sé gur chóir don dtír seo pleananna a chur in áit ar eagla go dtarlódh sé sin agus nach gcuirfeadh sé aon ionadh air dá dtarlódh sé sin nuair a thagann COP26 chun deiridh.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4 i dTeach Laighean.